# Tiomsú Airgid arna Dhéanamh ag Cumann na dTuismitheoirí faoi chomhair Míreanna Caipitil

(An nuashonrú is deireanaí ar an gcáipéis seo: Feabhra 2025)

## 1. Réamhrá

Féadfaidh scoileanna airgead a fháil ó Chumann na dTuismitheoirí tar éis dóibh airgead a thiomsú faoi chomhair míreanna caipitil. Ba cheart go n-aistreofaí an t-airgead sin chuig cuntas bainc na scoile a luaithe is indéanta.

## 2. Cur Chuige Cuntasaíochta

Leagtar amach thíos na cóid ainmniúla atá le húsáid chun cuntas a thabhairt ar an airgead a fuarthas, ar an gcaiteachas agus ar aon iarmhéid gan chaitheamh. Sa sampla den chur chuige cuntasaíochta a thugtar thíos, úsáideadh an t-airgead a thiomsaigh Cumann na dTuismitheoirí le iPadanna a cheannach.

### 2.1 Nuair a fhaightear an t-ioncam isteach i gcuntas reatha na scoile

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Ioncam a fháil ó Chumann na dTuismitheoirí | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 2173 | Deontais/Ioncam Caipitil Imfhálaithe Eile gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |

### 2.2 Nuair a dhéantar an t-earra a cheannach

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| iPadanna a cheannach | DR | 1461 | Caipiteal: Breiseanna TFC<br>Sócmhainn Sheasta |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| An t-airgead a caitheadh a aistriú chuig Caipiteal agus Cúlchistí | DR | 2173 | Deontais/Ioncam Caipitil Imfhálaithe Eile gan Chaitheamh Dliteanas Reatha |
| | CR | 3902 | Ioncam ó Ranníocaíochtaí Tuismitheoirí le Tionscadail Chaipitiúla Caipiteal agus Cúlchistí |

**2.3 Amúchadh Ioncaim**

Teicníc chuntasaíochta is ea an t-amúchadh a úsáidtear chun luach ioncaim caipitil de réir na leabhar a ísliú go tréimhsiúil thar thréimhse áirithe ama.

I gcás go n-úsáidtear ioncam ó Chumann na dTuismitheoirí le míreanna caipitil a cheannach, moltar gur chóir an t-ioncam a amúchadh mar seo a leanas:

- TFC a cheannach – amúchadh thar 3 bliana
- DF&T a cheannach – amúchadh thar 5 bliana

Is é cuntasóir/iniúchóir seachtrach na scoile a dhéanfaidh an t-ioncam a amúchadh ag deireadh na bliana.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Amúchadh Ioncaim | DR | 3925 | Amúchadh Carntha ar Ioncam Caipitil Trealaimh Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 3840 | Amúchadh Maoinithe nach bhFuarthas ón RO Ioncam |

**Nóta 1: Beartas Amúchta TFC – Déantar deontais a amúchadh thar 3 bliana**

**2.4 Dímheas ar Chaiteachas Caipitil Trealaimh**

Teicníc chuntasaíochta is ea an dímheas a úsáidtear chun luach caiteachais caipitil de réir na leabhar a ísliú go tréimhsiúil thar thréimhse áirithe ama.

I gcás go n-úsáidtear ioncam ó Chumann na dTuismitheoirí le míreanna caipitil a cheannach, moltar gur chóir an caiteachas a dhímheas mar seo a leanas:

- TFC a cheannach – dímheas thar 3 bliana
- DF&T a cheannach – dímheas thar 5 bliana

Déanfaidh cuntasóir/iniúchóir seachtrach na scoile an caiteachas caipitil a dhímheas ag deireadh na bliana.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Dímheasa TFC | DR | 8060 | Dímheas Bliantúil: TFC Caiteachas |
| | CR | 1471 | Dímheas: TFC An Bhliain Reatha Sócmhainn Sheasta |

**Nóta 2: Beartas Dímheasa TFC - Earraí dímheasta thar 3 bliana**

**2.5 Cuntas ar iarmhéid an deontais nár caitheadh**

Is airgead imfhálaithe é an t-airgead a thiomsaíonn Cumann na dTuismitheoirí faoi chomhair ceannacháin chaipitil agus ní mór an t-iarmhéid gan chaitheamh ag deireadh na bliana a réiteach agus cuntas a thabhairt air faoi chód ainmniúil 2173 Deontais/Ioncam Caipitil Imfhálaithe Eile gan Chaitheamh.